An Scéim Chónaitheachta do Choimeádaí Físealaíon

Treoirlínte d'Iarratasóirí

An Scéim Chónaitheachta do Choimeádaí Físealaíon: seicliosta iarratais

Úsáid an seicliosta thíos le cinntiú go bhfuil d'iarratas do mhaoiniú faoin Scéim Chónaitheachta do Choimeádaí Físealaíon curtha i gcrích.

Míreanna atá éigeantach do na hiarratais go léir (cuir tic leis na míreanna seo go léir)

- ☐ Chomhlíonaigh mé na rannóga go léir d'fhoirm iarratais den Scéim Chónaitheachta do Choimeádaí Físealaíon.
- ☐ D'ullmhaigh mé CV reatha don choimeádaí cónaitheach molta agus tá sé seo réidh le huaslódáil agam.
- ☐ D'ullmhaigh mé buiséad sonraithe a leagan amach an ioncam agus caiteachas molta don tionscadal agus tá sé seo réidh le huaslódáil agam.
- ☐ Baineann mo thionscadal molta le heagraíochtaí páirtnéireachta a bhfuil *meabhrán tuisceana* agam leo agus é réidh le huaslódáil agam.
- ☐ D'ullmhaigh mé an t-ábhar taca eile de dhíth go léir (mar atá imlínithe i rannóg 1.7 thíos) agus tá sé réidh le huaslódáil agam.

Míreanna atá éigeantach d'iarratais ar leith (cuir tic leo siúd a bhaineann le d'iarratas)

- ☐ Baineann mo thogra le bheith ag obair le páistí nó le daoine óga, agus tá cóip de *Child Welfare Protection Policies and Procedures* curtha isteach agam.
- ☐ Tá tacaíocht nó urraíocht airgid luaite agam sa bhuiséad togra ó dhaoine aonair nó ó eagraíochtaí nach bhfuil *meabhrán tuisceana* agam leo – dóibh siúd tá fianaise ullmhaithe agam lena leithéid tacaíochta nó urraíochta agus é réidh le huaslódáil agam.

Míreanna eile a bhrathaim atá cuí do m'iarratas (cuir tic leo siúd a bhaineann le d'iarratas)

- ☐ Brathann mo thogra ar shaineolas ó dhaoine nó ó eagraíochtaí ainmnithe eile, agus tá doiciméad a shonraíonn na daoine seo lena saineolas réidh le huaslódáil agam.

An dara tuairim (cuir tic leis an mhír seo)

- ☐ D'iarr mé ar duine éigin eile le dul thar m'iarratas le cinntiú nach bhfuil aon earráidí nó aon ní in easnamh.

Ag fáil cabhrach le d'iarratas

- Má tá ceist theicniúil agat maidir le húsáid na Seirbhísí Ar Líne ar an suíomh gréasáin is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie
- Tá freagraí cheisteanna coitianta maidir le húsáid na Seirbhísí Ar Líne le fáil sa rannóg 'Ceisteanna Coitianta' ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon ag: http://www.artscouncil.ie/en/fundInfo/funding_faqs.aspx
- Féach ar ár dtreoir in YouTube le hiarratas a chur isteach: http://www.youtube.com/artscouncildemos
- Má tá cabhair teastáil uait maidir le hábhair d'iarratais, glaoch ar an gComhairle Ealaíon ag 01 6180200 nó seol ríomhphost chuig awards@artscouncil.ie.
- Má tá riachtanais rochtana agat, téigh i dteagmháil leis Oifigeach Rochtana ag 01 6180219.

1. Maidir leis an Scéim Chónaitheachta do Choimeádaí Físealaíon

1.1 Spriocdháta le hiarratais a chur isteach

Ní mór gach iarratais a chur isteach trí úsáid na Seirbhísí ar Líne den Chomhairle Ealaíon.

Is é spriocdháta d'fháil na n-iarratas ná: **5.30i.n., Déardaoin, 12 Meán Fómhair 2013**

1.2 Cuspóirí agus tosaíochtaí na scéime

Is í cuspóir na scéime seo ná deis a thabhairt do choimeádaí físealaíon le taighde agus le forbairt a dhéanamh ar a gcleachtas, fad is atá forbairt á dhéanamh ar chlár saothair bhliana i bpáirtnéireacht le láithreacha ildánacha agus le húdaráis áitiúla. Beidh ábhar sonrach an chláir shaothair le dearadh ag an gcoimeádaí i gcomhoibriú leis an láthair agus leis an údarás áitiúil.

Sainmhíniú ar chuspóirí na scéime seo	**Coimeádaí:** duine a aithníonn é/í féin nó a aithnítear mar choimeádaí cleachtaithe.
	Láthair Ildánach: láthair atá maoinithe ag an gComhairle Ealaíon agus a chuireann clár físealaíon gairmiúil faoi bhráid do luchtanna féachana / rannpháirtithe ar bhonn rialta laistigh de chomhthéacs chlár ildánach níos leithne.

Níl an scéim seo ceaptha le bearna a líonadh i gcláreagrú lárnach, ach in ionad a d'fhéadfaí leathnú air, nó rud éigin ar leith a thairiscint do chlár físealaíon réamhbheithí i láthair ildánach.

Ní mór go mbeadh tacaíocht thiomanta i scríbhinn ó údarás áitiúil amháin ar a laghad agus ó láthair ildánach amháin.

Cuspóirí

Is iad cuspóirí na Scéime Cónaitheachta do Choimeádaí Físealaíon ná:

- Deiseanna a thairiscint do choimeádaí ar fud na tíre le taighde agus forbairt a dhéanamh ar chlár saothair atá cuí do dhul chun cinn a gcleachtas féin
- Deiseanna a thairiscint do láithreacha a ildánacha agus d'údaráis áitiúla le forbairt ar chleachtas coimeádaíochta ina gceantracha féin
- Cur chuige san áireamh a spreagadh do, agus bealaigh núálaíocha de, dhul i ngleic le luchtanna féachana ar spéis leo físealaíona reatha ar ardchaighdeán ag an leibhéal áitiúil / réigiúnda
- Forbairt ar phleanáil fadtéarmach agus inbhuanaitheacht ar ghníomhaíochtaí físealaíon ar ardchaighdeán laistigh de láithreacha ildánacha a spreagadh
- Cur chuige comhórdaithe a spreagadh idir na eochairsholáthróirí ealaíon ag an leibhéal áitiúil / réigiúnda.

Tosaíochtaí

Tabharfar túsáite do mholtaí bunaithe ar:

- Ábharthacht chuntas teiste / thaithí an choimeádaithe d'ábhar molta na cónaitheachta
- Soiléireacht na ngníomhaíochtaí molta i dtéarmaí chlár coimeádaíochta comhleanúnaí
- Réim agus cáilíocht dhul i ngleic leis an lucht féachana / rannpháirtithe molta, le breithniúchán ar leith do luchtanna féachana áitiúla
- An leibhéal comhoibrithe agus tacaíochta comhalartaí idir na páirtithe go léir bainteach leis an gcónaitheacht
- Leibhéal infheistíochta airgid thirim ón láthair thaca agus ón údarás áitiúil
- Na riachtanais fhorbraíochta i bhfísealaíona na láithreach taca agus na n-údarás áitiúil.

1.3 Cé dóibh ar féidir cur isteach?

Tá an Scéim Chónaitheachta do Choimeádaí Físealaíon ar oscailt do:

- Coimeáduithe gairmiúla atá tacaíocht thiomanta acu ó údarás áitiúil amháin ar a laghad agus ó láthair ildánach amháin agus a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na hÉireann
- Údarais áitiúla ag moladh cónaitheacht choimeádaithe fhísealaíon gairmiúil a bhunú
- Láithreacha ag moladh cónaitheacht choimeádaithe fhísealaíon gairmiúil a bhunú

Tá eisceachtaí ar leith ann a mheasfadh an Chomhairle Ealaíon iarratais incháilithe curtha isteach acu siúd bunaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Sula nglactar le hiarratais den chineál sin bheith incháilithe, áfach, beidh sé riachtanach go mbeadh an Chomhairle Ealaíon sásta go mbeadh tairbhe ag torthaí an thogra do na healaíona i bPoblacht na hÉireann.

Cé hé / hí an t-iarratasóir?

Is é an t-iarratasóir ná an duine nó an eagraíocht a gheobhaidh aon deontas a thairiscítear agus a bheadh de dhualgas acu glacadh le téarmaí agus le coinníollacha an deontais sin.

Ní íocfar ach i gcuntas bainc amháin in ainm an iarratasóra aon deontas a thairiscítear.

Ní mór cáipéisíocht a chuirtear ar fáil bheith in ainm an iarratasóra. Mar shampla, má chuireann tú isteach le haghaidh maoinithe faoin ainm Máire de Barra, ansin ní mór don cháipéisíocht go léir, sonraí bainc agus cánach san áireamh, bheith faoin ainm sin. Ní ghlacfar le haon éagsúlacht san ainm, cosúil le Mary Barry nó MáireBarry.

1.4 Cé dóibh nach féidir cur isteach?

Áirítear na hIarratasóirí seo a leanas nach bhfuil incháilithe le cur isteach:

- Coimeáduithe gan an tacaíocht thiomanta ó údarás áitiúil amháin ar a laghad agus ó láthair amháin nó ó theaglaim údarás áitiúil agus láithreacha
- Coimeáduithe atá fostaithe ar bhonn lánaimseartha cheana féin ag eagraíochtaí a bhfuil ag fáil maoinithe ó cheann de shraitheanna maoinithe deontais ón gComhairle Ealaíon (mar shampla, RFO, Maoiniú Bliantúil or Deontas Cláreagraithe Bhliantúil)
- Eagraíochtaí ag lorg maoinithe do thacaíocht le tréanáil gairmoiliúna / fóchéime nó iarchéime.

1.5 Cad is féidir cur isteach chuige?

An méid is mó a bhronnfar ar gach iarratasóir a éiríonn leo ná: €20,000

Cuirtear an maoiniú ar fáil do luach saothair an choimeádaithe (ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha) suas go tréimhse aonbhliana amháin.

Beidh freagracht iomlán do bhainistiú cistithe an chláir le glacadh ag an duine nó ag an eagraíocht a aithnítear mar an iarratasóir.

Cé mhéid maoinithe ar féidir cur isteach chuige?

Ag cur isteach do mhaoiniú na Scéime Cónaitheachta do Choimeádaí Físealaíon duit, tá sé de dhualgas ort buiséad sonraithe a chur isteach a liostálann na míreanna ioncaim is caiteachais go léir a bhaineann leis an gcónaitheacht.

An méid is mó maoinithe ar féidir leat iarr dó ná an difríocht idir an **caitheachas molta** agus an **ioncam molta** a léiríonn tú sa bhuiséad, faoi réir an méid is mó a leagtar amach thuas.

- Ba cheart caiteachas molta luach saothair agus aon chostas eile cosúil le costais phromóisin is poiblíochta, costais riaracháin agus mar sin de go léir a áireamh.
- Ba cheart go n-áiríonn ioncam ar cad atá tá tú ag siúl le fáil ó mhaoinitheoirí eile, ó theacht isteach atá tú ag siúl leis ón díolacháin nó ón marsantú.

Tá sé tábhachtach freisin machnamh a dhéanamh ar thacaíocht chomhchineáil go léir maidir le hioncam agus le caiteachas, le luach iomlán agus fírinneach do thionscadal a mhachnamh.

Tabhair le fios faoi thacaíocht chomhchineáil	Má tá tú ag súil le tacaíocht chomhchineáil a fháil, caithfidh tú luach airgid a chur air chun go bhfuil an fíor-ranníoc a dhéanann do thionscadal soiléir. Ba cheart duit machnamh faoin tacaíocht chomhchineáil mar chaiteachas agus mar ioncam freisin: cibé méid a dhearbhaíonn tú i dtaobh an chaiteachais de, ba cheart duit a dhearbhú i dtaobh an ioncaim de freisin. Tá seans ann nach n-áireofar an t-am a chuireann stiúrthóirí nó bhaill an bhoird isteach mar chostas comhchineáil.

Iarrtar ort ioncam, caiteachas agus an méid iarrtha a chomharthú ag na trí chéim le linn d'iarratais:

- Ar líne, nuair atá tú ag cur tús leis an iarratas
- I rannóg a 3 den fhoirm iarratais
- I do bhuiséad sonraithe.

Bí cinnte go bhfuil na hiomláin mar a gcéanna ar na trí cinn go léir; bí cinnte go bhfuil an méid iarrtha cothrom leis an gCAITEACHAS IOMLÁN lúide an IONCAM IOMLÁN.

1.6 Cad nach féidir leat cur isteach chuige?

Áirítear na gníomhaíochtaí agus na costais a leanas nach féidir leat cur isteach chucu:

- Ceannacháin chaipitil mhóra
- Lárchostais leanúnach
- Gníomhaíochtaí nó costais nach réitíonn le cuspóir na scéime
- Gníomhaíochtaí atá níos feiliúnaí do scéim nó do dhámhachtain eile atá maoinithe ag an gComhairle Ealaíon nó atá feidhmithe ag gníomhaireachtaí stáit eile ar nós Chultúr Éireann
- Gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó atá tosaithe roimh chinneadh bheith déanta ar d'iarratas
- Gníomhaíochtaí a reachtáiltear do thiomsú airgid do charthanachtaí, do rannpháitíocht i gcomórtas nó do chuspóirí brabúsaíochta go príomha
- Gníomhaíochtaí atá measúnaithe cheana féin ag an gComhairle Ealaíon, ach amháin i gcásanna a chomhairlíonn an Chomhairle duit go sonrach d'iarratas don dámhachtain seo a athdhíriú. Tabhair faoi deara le do thoil, áfach, nár cheart duit glacadh lena leithéid comhairle mar chomhartha dóchais go n-éireoidh leat le d'iarratas

1.7 Cén t-ábhar taca a chaithfidh tú cur isteach le d'iarratas?

Le go measfar bheith incháilithe do mheasúnú le haghaidh maoinithe faoin Scéim Chónaitheachta do Choimeádaí Físealaíon, **ní mór duit** an t-ábhar taca a leanas a chur isteach ar líne:

- Foirm iarratais na Scéime Cónaitheachta do Choimeádaí Físealaíon bheith comhlíonta
- Buiséad sonrach a leagan amach an ioncam agus an caiteachas molta don chónaitheacht mholta
- CV sonrach reatha (trí leathanach ar uasmhéid) an choimeádaithe mholta
- Samplaí ar deá-chaighdeán de shaothar roimhe an choimeádaithe mholta a léiríonn a c(h)leachtas go dtí seo; mar shampla, d'fhéadfadh seo a áiriú:
  - Suas go 10 íomhá shochair, ag tabhairt seatanna is fearr a léiríonn suiteáil agus léiriú an tsaothair san áireamh
  - Naisc go tionscadail / cláir choimeádachta / taispeántas
  - Suas go 3 sampla (i bhformáid leictreonach) catalóg le déanaí nó foilseachán cuí

  Ba cheart na homhánna socair is gluaisteacha bheith lipéidithe go soiléir le cur síos gairid ar an gcur chuige coimeádaíochta a ghlactar
- *Meabhrán tuisceana* idir an iarratasóir agus na páirtnéirí go léir atá bainteach (coimeádaí, údarás áitiúil agus láthair); ba cheart an méid a leanas a áireamh:
  - Imlíniú ar na gníomhaíochtaí a ghlacann an coimeádaí air/uirthi féin le linn na cónaitheachta
  - Liosta na n-acmhainní airgid thirim, comhchineáil agus bonneagrach a bheidh ar fáil le tacú leis an gcoimeádaí
  - Briseadh síos soiléir ar rólanna agus ar fhreagrachtaí de gach páirtnéir na cónaitheachta

Má bhaineann do thogra bheith ag obair le páistí nó le daoine óga ansin ní mór duit do chóip de *Child Welfare Protection Policies and Procedures* a sholáthar.

Mura gcuireann tú an t-ábhar taca de dhíth isteach, ní bheidh an Chomhairle Ealaíon in ann measúnú a dhéanamh ar d'iarratas agus glacfar leis nach bhfuil sé incháilithe.

Ábhar taca roghnach

Chomh maith leis an ábhar taca de dhíth liostáilte thuas, d'fhéadfá ábhar eile a mheasann tú go bhfuil cuí le do d'iarratas a chur isteach.

Má tá páirtnéirí (cosúil le hinstitiúidí oideachasúla, uarraitheoirí príobháideacha, grúpaí pobail, srl.) a mhian leo tacú leat le cónaitheacht choimeádaithe físealaíon a bhunú, ansin ba cheart duit eolas iomlán a sholáthar ar an gcineál tacaíochta – sonraí maoinithe, sochar comhchineálach, comhairle agus mar sin de. Chomh maith leis sin ba cheart duit litreacha tacaíochta ó na páirtnéirí a áireamh.

2. Ag cur isteach d'iarratas

2.1 Cláraigh le Seirbhísí Ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór do gach iarratas a chur isteach trí Sheibhísí Ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar aon bhealach eile (sa phost, facs nó sa ríomhphost).

Le clárú mar úsáideoir ar Sheirbhísí Ar Líne, téigh go www.artscouncil.ie, roghnaigh an táb Seirbhísí Ar Líne agus lean na leideanna le haghaigh **Úsáideoir nua? Cláraigh**.

Laistigh de chúig lá oibre eiseofar (trí ríomhphost) UTE (Uimhir Thagartha Ealaíontóra) ar leith chugat le pasfhocal a d'fhéadfá síniú isteach go Seirbhísí Ar Líne.

Riachtanais d'úsáid na seirbhísí ar líne

Ní mór do ríomhaire agus do bhrabhsálaí idirlíon cloí leis na riachtanais a leanas chun Seirbhísí Ar Líne a úsáid go rathúil:

PC	Windows XP nó níos airde *le* Internet Explorer 7.0 nó níos airde NÓ Firefox 2.0 nó níos airde
Mac	Mac - Mac OS X v10.5 Leopard nó níos airde *le* Safari 3.1 nó níos airde NÓ Firefox 2.0 nó níos airde

Tabhair faoi deara le do thoil: Caithfidh tú Microsoft Word nó OpenOffice a shuiteáil freisin leis an bhfoirm iarratais féin a chomhlíonadh. Is bogearra saor in aisce é OpenOffice ar féidir leat a íoslódáil anseo: http://www.openoffice.org.

Mura gcloíonn nó mura dtuigeann tú aon cheann de na riachtanais seo, téigh i dteagmháil linn le haghaidh chomhairle roimh an spriocdháta chomh fada agus is féidir le do thoil.

Tabhair dóthain ama duit féin leis an iarratas a chomhlíonadh

Ba cheart duit bheith eolach faoin am seo leis an suíomh gréasáin Sheirbhísí Ar Líne sách fada roimh an spriocdháta agus roimh an iarratas a ullmhú. Is dóchúil go mbeidh an-chuid tráchta ar an suíomh san iarnóin dheireannach den spriocdháta. Ba cheart duit ullmhú agus cur isteach sách fada roimh an spriocdháta.

Is féidir le hamanna uaslódála bheith i bhfad níos faide ná hamanna íoslódála. D'fhéadfadh sé gearradh níos mó ama ort ná mar a cheapann tú le d'ábhair thaca a uaslódáil.

Is minic a bhíonn toirt ard ar fhiosrúcháin agus ar ghlaonna gutháin ag lá d'aon spriocdháta maoinithe, mar sin má tá ceist agat ag an nóiméad deireannach seans go mbeidh sé níos deacra ort dul i dteagmháil linn.

Má thagann tú ar deacrachtaí teicniúla ag aon am fad is atá tú ag cur iarratas isteach ar líne, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ag lorg cabhrach trí ríomhphost chuig onlineservices@artscouncil.ie.

2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé déanta agat roimhe seo, íoslódáil an fhoirm iarratais don mhaoiniú ar mhian leat cur isteach chuige. Is doiciméad Word an fhoirm iarratais a chomhlíoníonn tú as líne (ar do ríomhaire féin). Áiríonn an fhoirm iarratais treoir ar conas gach ceann de na rannóga a chomhlíonadh.

Ag cur do chás i láthair

Chun go gcuirfidh tú an cás is fearr ar cén fáth go mba cheart duit maoiniú a fháil, ba cheart duit breithniú an-chúramach a thabhairt ar cad a áiríonn tú i rannóga na foirme a leanas:

2.1 Ainm an Choimeádaí molta nó teideal do thogra	Tabhair ainm(neacha) an choimeádaí chónaithigh mholta anseo. Nó, a mhalairt, má tá teideal ar do thogra, tabhair anseo é le do thoil.
2.2Achoimre ar do thogra	Tabhair achoimre ar do thogra (suas go trí phointe gairide). Má éiríonn le d'iarratas, foilseofar an achoimre seo ar leathanach **Cé atá maoinithe againn** de shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon – is mar gheall ar sin go mba cheart duit bheith aireach ar an méid a scríobhann tú, d'fhéadfadh lucht féachana níos leithne bheith ann thar measúnuithe na Comhairle Ealaíon.
2.3 Sonraí do thogra	An méid a scríobhann tú anseo is lárchuid do thogra é, agus ba cheart

	cabhrú leo siúd atá bainteach le d'iarratas a mheasúnú le tuiscint ar an gcuimsiú iomlán ar cad atá uait agus cén fáth. Tá sé tábhachtach na gnéithe ealaíonta is praicitiúla dod' thogra a chlúdach. D'fhéadfadh sé seo sonraí do spriocanna is d'uaillmhian ealaíonta a áireamh, an comhthéacs leathan ina ndéanann tú an togra, agus aon eolas eile a mheasann tú go bhfuil cuí. D'fhéadfadh sé sonraí praicticiúla a áireamh cosúil le sceidil, eolas ar eochairpháirtnéirí agus aon sonraí riaracháin, teicniúla nó airgid a áireamh freisin a mheasann tú go bhfuil cuí.
2.4 D'iarratas agus na critéir mheasúnaithe	Déan cur síos ar conas a thagann d'iarratas slán le gach ceann de na critéir measúnaithe do mhaoiniú faoin Scéim – féach ar **3.3 Critéir do mheasúnú iarratas** ar leathanach a 8.

2.3 Ullmhaigh aon ábhar taca atá riachtanach d'iarratas

Tá sé de dhualgas ort ábhar taca a áireamh le d'iarratas. De ghnáth áiríonn sé seo samplaí dod' shaothar reatha cuí – mar shampla, téacs, físeán, íomhánna, nó taifid fhuaime.

Ní mór duit gach ceann d'ábhar taca a chur isteach ar líne; mar sin, más gá, caithfidh tú ábhar a scanáil nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

Is í an chomhtheorainn iomlán don ábhar taca go léir a uaslódáiltear le haon iarratas amháin ná **40MB**.

Formáid chomhaid a ghlactar

Liostálann an tábla a leanas formáidí comhaid inghlactha mar chuid den iarratas.

Cineál comhaid	Iarmhír comhadainm
comhaid théacs	.rtf/.doc/.docx/.txt
comhaid íomhá	.jpg/.gif/.tiff/.png
comhaid fhuaime	.wav/.mp3/.m4a
comhaid fhíseáin	Quicktime/.avi/.mov/.mp4
scarbhileoga	.xls/.xlsx
comhaid Adobe Reader	.pdf

Cruinnigh le chéile na comhaid go léir a bheidh de dhíth uait ar láthair inrochtana ar do ríomhaire.

Eisceachtaí

D'fhoirmeacha ealaíne agus do chleachtas ealaíon áirithe tá eisceachtaí agus cásanna speisialta maidir le riachtanais an ábhair uile a chur isteach ar líne agus maidir le formáidí comhaid inghlactha. Tá aon cheann de na heisceachtaí tabhartha faoi deara i rannóg **1.7 Cén t-ábhar tacaíochta a chaithfidh tú cur isteach le d'iarratas?** ar leathanach a 4.

Ag uaslódáil naisc an ghréasáin

D'fhéadfá naisc d'ábhar a sholáthar atá óstáilte ar YouTube (www.youtube.com) seachas an t-ábhar a uaslódáil go díreach.

Leis seo a dhéanamh, cópeáil an URL (an seoladh iomlán don áit a bhfuil d'ábhar óstáilte ar YouTube) go doiciméad Word nó a choibhéis agus an doiciméad a uaslódáil.

Déan seiceáil go bhfuil na nascfhocail laistigh den doiciméad atá uaslódáilte agat – is é sin le rá go nascann siad go bailleach chuig d'ábhar ar YouTube.

Mura mian leat ábhar a uaslódáil go YouTube ar mhaithe le d'iarratas bheith le feiceáil go poiblí, is féidir brat a chur ar d'fhíseán mar 'neamhliostáilte' sna socruithe.

Ag cur ainmneacha cuí ar chomhaid

Tabhair ainmneacha comhaid ar na comhaid go léir a bhfuil sé i gceist agat a uaslódáil le go mbeadh siad soiléir ar cad atá ann agus cad atá i gceist. Mar shampla, ba cheart go mbeadh sé soiléir ón ainm comhaid más CV, sampla téacs nó athbhreithniú ar shaothar roimhe cén doiciméad atá i gceist.

Ainmneacha maithe comhaid d'iarrthóir darbh ainm Jack	russelljack iarratas tionscadail.doc russelljack gearrthóg damhsa.mp4 russelljack Ráiteas Cosanta ar Leanaí.doc

Russell	russelljack nasc youtube.doc russelljack ioncam agus caiteachas.xls

2.4 Ag cur isteach d'iarratas ar líne

Le d'iarratas a dhéanamh ar líne, caithfidh tú dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céim. Is féidir teacht ar ais ar d'iarratas agus athbhreithniú a dhéanamh air roimh a chuireann tú é isteach faoi dheireadh.

1: Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil an fhoirm iarratais

Le hiarratas nua a thosú, cliceálann tú an cnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna le roghnú ar an gclár maoinithe ar mhian leat cur isteach chuige agus breac tagairt uathúil ar d'iarratas ar féidir leis a aithint. Ag an gcéim seo is féidir leat an fhoirm iarratas a íoslódáil chomh maith (mura bhfuil sé déanta agat go dtí seo.).

2. Iarr ar an méid maoinithe

Ag an gcéim seo sonraíonn tú an caiteachas agus an ioncam a bhaineann le do thogra, agus an méid maoinithe atá á lorg agat. Ba cheart go mbeadh an méid a lorgaíonn tú cothrom leis an **gCaiteachas Iomlán** lúide an **Ioncam Iomlán**. Ba cheart go mbeadh na figiúirí deiridh a iontrálann tú bheith mar an gcéanna leis na cinn a iontrálann tú i rannóg a 3 den fhoirm iarratais agus de do scarbhileog bhuiséid

3. Uaslódáil an fhoirm iarratais agus an t-ábhar taca

Lean na leideanna led' fhoirm iarratais comhlíonta agus sábháilte, do CV is aon ábhar taca eile de dhíth a uaslódáil (féach **1.7 Cén t-ábhar taca a chaithfidh tú cur isteach le d'iarratas?** Ar leathanach a 4). Ní chaithfidh tú gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige ar ball.

4. Cuir iarratas isteach

Nuair atá tú sásta go bhfuil gach rud de dhíth chun tacú led' iarratas uaslódáilte agat, brú **Cuir isteach**.

3. Próiseáil agus measúnú iarratais

3.1 Forbhreathnú

Cuireann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas faoi chaibidil, déanann sí cinntí agus téann sí i dteagmháil leis na hiarratasóirí seo de réir nósanna imeachta atá leagtha síos. Is í an aidhm ná le cinntiú go bhfuil córas le maoiniú a bhronnadh cóir agus trédhearcach.

3.2 An próiseas measúnaithe

Tá na hiarratais go léir a fhaightear próiseáilte ag an gComhairle Ealaíon mar a leanas:

1	Admhaítear an t-iarratas.
2	Déanann comhairleoir(í) agus/nó ball foirne measúnú scríofa ar an iarratas.
3	Molann comhairleoir(í) agus/nó ba(i)ll foirne le hiarratais bheith nó gan bheith ar an ngearrliosta.
4	Déanann an piarphainéal athbhreithniú ar na hiarratais ghearrliostaithe go léir agus déanann sé moladh.
5	Cuirtear ainm chathaoileach an phiarphainéil leis na moltaí agus déantar cinntí dóibh (le húdarás toscaireachta ón gComhairle).
6	Tá na cinntí a dhéantar seolta ar aghaidh i scríbhinn chuig na hiarratasóirí.

Creatlach ama

Déanann an Chomhairle Ealaíon tréaniarracht na hiarratais a mheasúnú chomh tapaidh agus is féidir, ach mar gheall ar thoirt na n-iarratas agus ar an dianphróiseas measúnaithe, tógfaidh sé suas go 10 seachtaine ón dáta deiridh go dtí an cinneadh.

3.3 Critéir do mheasúnú iarratais

Déantar measúnú ar iarratais i gcomhthéacs iomaíoch agus le breithniú ar na foirmeacha iarratais agus ar na hábhair thaca a chuirtear isteach. Déantar measúnú in aghaidh na gcritéar a leanas: **a)** fiúntas ealaíonta, **b)** conas a thagann siad slán le cuspóirí agus tosaíochtaí na scéime, agus **c)** indéantacht – déantar cur síos ar gach ceann de na critéir seo de réir a chéile.

Fiúntas ealaíonta

Díríonn measúnú an fhiúntais ealaíonta ar an iarratasóir agus dóibh bainte leis an togra chomh maith le nádúr na ngníomhaíochtaí ealaíon molta a bhféadfaí a áireamh, le nithe eile, breithiúchán ar:

- Ardchaighdeán na tuairime agus na gníomhaíochta ealaíon molta.
- Cuntas teiste an iarratasóra agus an phearsanra ealaíonta bainte leis an tionscadal mar is léir ó na CVanna s'acu agus ábhar taca eile a chur isteach
- Féidearthacht an iarratasóra agus an phearsanra ealaíonta más léir san iarratas agus sna hábhair thaca a chuirtear isteach
- Comhthéacs na foirme ealaíne / an chleachtais ealaíon ina moltar an ghníomhaíocht
- An uaillmhian, an úrmhaireacht agus an inniúlacht a léirítear sa togra.

Teacht slán le cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Déantar measúnú ar na hiarratais ar conas a thagann siad slán le cuspóiri agus le tosaíochtaí na scéime – féach ar leathanach a 2 le tuilleadh sonraí faoi seo.

Indéantacht

Déanann measúnú na hindéantachta trácht ar an réim a léiríonn an t-iarratasóir an acmhainn chun an ghíomhaíocht a thabhairt. Áiríonn sé seo, ach níl sé teoranta chuig, le tabhairt san áireamh:

- Cuntas teiste an phearsanra atá bainte le bainistíocht, le riarachán, leis an togra a thabhairt;
- An réim a léiríonn go soláthraíonn an t-iarratasóir coinníollacha cothroma agus luach saothair d'ealaíontóirí atá rannpháirteach;
- An réim bainteachta is tiomantais de na páirtnéirí tionscadail aitheanta;
- An buiséad a mholtar;
- Foinsí eile ioncaim;

- Infhaighteacht agus rochtain ar acmhainní eile; agus
- An clár ama molta nó an sceideal.

3.4 Piarphainéil

Is í cuspóir chruinnithe an phiarphainéil ná chun ligean d'éagsúlacht shaintuairimí leis an bpróiseas cinntí a chur ar an eolas. Tá ar a laghad trí mholtóir seachtracha le saineolas cuí san fhoirm ealaíne agus/nó sa chleachtas ealaíon ar phiarphainéal de ghnáth.

Tá gach cruinniú faoi stiúir ag ball na Comhairle Ealaion ag feidhmiú mar chathaoirleach gan vóta. Freastlaíonn comhairleoirí agus baill foirne mar atá riachtanach, agus tá siad siúd bainteach leis an chéad mheasúnú ar iarratais ar lámh le heolas a sholáthar. Faigheann lucht an phainéil achoimre ar gach iarratas sa ghearrliosta roimhré agus le teacht iomlán ar an ábhar curtha isteach ar lá an mheasúnaithe.

3.5 Toradh na n-iarratas

Cuirfear na hiarratasóirí go léir in eolas faoi thortha a n-iarratas i scríbhinn.

Má éiríonn le d'iarratas, cuirtear litir tairisceana chugat ag sonrú an méid maoinithe atá bronnta ort le téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Cuirfear thú in eolas maidir le tarraingt ar do dhámhachtain

Faigheann an Chomhairle Ealaíon toirt mhór d'iarratais agus sáraíonn éileamh maoinithe an fáil ar acmhainní i gcónaí. Mura éiríonn le d'iarratas is féidir leat iarr ar aiseolas ó bhall foirne na Comhairle Ealaíon. Ní chinntíonn cáilitheacht agus géilliúntas le nósanna imeachta an iarratais leis féin bheith in ann teacht ar dámhachtain.

Níl iarrthóirí gan rath incháilithe, áfach, le cur isteach do dhámhachtain na Comhairle Ealaíon eile sa ghníomh chéanna. Má bhrathann an Chomhairle Ealaíon go raibh an ghníomh mholta níos oiriúnaí do chlár dámhachtana difriúla, d'fhéadfaí eisceacht a dhéanamh. Sa chás sin cuirfear in eolas thú trí scríbhinn.

Achomhairc agus gearáin

Má bhrathann thú nach raibh nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon á leanúint, déan seiceáil ar Nós Imeachta Achomhairce agus Gearán, nó téigh i dteagmhail leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip na bileoige eolais ar Achomhairc agus Gearáin.

Is féidir le hiarratasóirí achomhairc a dhéanamh in aghaidh chinneadh maoinithe ar bhonn sárú líomhnaithe nó iarratas éagóir de, nó claonadh ó, nósanna imeachta foilsithe ag an gComhairle. Le sonraí faoin bpróiseas achomhairce, féach ar http://www.artscouncil.ie/en/fundInfo/funding_appeals.aspx.